

B

# Baile na mBocht go dtí an Chathair

## An Bealach Tosaíochta don Chonair Iompair Inbhuanaithe

An 3ú Babhta de Chomhairliúchán Poiblí Samhain 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.



# Clár an Ábhair


**1. Réamhrá** **4**
- 1.1 Cad is BusConnects ann? 4
- 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo? 4
- 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe 6
- 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe 7
- 1.5 Cad a tharla go dtí seo? 8
- 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo? 8
- 1.7 An téarmaíocht a thuiscint 9
- 1.8 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe 12

**2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?** **14**
- 2.1 Dearadh Teicniúil 14
- 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil 14
- 2.3 Suirbhéanna Tráchta 14
- 2.4 Ríocht Uirbeach 15
- 2.5 Amlíne 16

**3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** **18**
- 3.1 Ceisteanna ginearálta 18
- 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt 18
- 3.3 Cad a tharlóidh anois? 19

**4. Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta** **20**
- 4.1 Forléargas 20
- 4.2 Tinker's Cross go Crois an Díolúnaigh 21
- 4.3 Crois an Díolúnaigh go Crois Lúcáis 23
- 4.4 Crois Lúcáis go dtí an Chathair 24
- 4.5 Foilsíodh Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe i mí an Mhárta 2023 25
- 4.6 Príomhfhíricí 25

**5. Aguisíní** **26**
- 5.1 Léarscáileanna Innéacs 26
- 5.2 Léarscáileanna Bealaigh 26

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathair Chorcaí agus i gcathracha eile. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais a bhaineann le feabhas a chur ar iompar poiblí agus le dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá sé san áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí; agus
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus teastaíonn líonra bus uaithi ar féidir leis freastal ar chathair atá i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chách, chomh maith le háiseanna sábháilte do rothaithe agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil feadh príomhbhealaí.










## 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo?

Is é seo an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe ó reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2022. Tá forbairt na gConairí Iompair Inbhuanaithe seo ina cuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí agus beidh siad ina gcabhair maidir le féachaint chuige go seasfaidh córas bus Chorcaí an aimsir agus maidir le rothaíocht sa chathair agus sa réigiún a dhéanamh sábháilte agus an limistéar sin ag fás.

Cuireann an comhairliúchán seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## Tá 9 ngné i gclár foriomlán BusConnects Chorcaí

**1 Líonra de chonairí nua a fhorbairt le haghaidh iompar inbhuanaithe**

**91km de lánaí nua/tosaíochta do bhusanna chun**
turais a dhéanamh níos tapúla agus níos iontaofa

**98km de shaoráidí rothaíochta**
(treo amháin) lena soláthrófar 49km den líonra rothaíochta

**2 An Líonra Bus a athdhearadh**

**3 Córas ticéadaithe úrscothach**

**4 Córas íocaíochta gan airgead tirim**

**5 Struchtúr níos simplí do tháillí**

**6 Láithreacha nua Páirceála agus Taistil**
ag príomhshuíomhanna

**7** Aistriú chuig flít **busanna nua astaíochtaí nialasacha**

**8 Libhré bus nua**

**9 Stadanna agus scáthláin bus nua**
le comharthaíocht agus faisnéis atá níos fearr

## 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist leis na moltaí ná infheistíocht a dhéanamh in aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – go ginearálta, lána bus leanúnach sa dá threo, ach b'fhéidir go n-úsáidfí socruithe eile in áiteanna cúnga. Cuirfidh sé seo deireadh leis an moill atá ar an gcóras bus agus ar a chuid paisinéirí faoi láthair. Nuair a bheidh lánaí ann do bhusanna amháin, nó bearta eile coibhéiseacha, beidh níos mó cinnteachta ag na mílte paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna maidir leis na hamanna a dtagann agus a imíonn busanna, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhís níos fearr agus níos éifeachtaí ann.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar scartha a chur ar fáil sa dá threo feadh na gconairí seo, agus beidh siad scartha ón trácht ginearálta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach in áiteanna áirithe, ach sna háiteanna sin tá sé beartaithe againn raonta rothar ar leataobh ón trácht a chur ar fáil, is é sin go gcuirfear an raon rothar ar mhalairt slí ón gConair Iompair Inbhuanaithe go bóthar níos ciúine nó go raon rothar saintógtha, sula mbuaileann sé leis an gconair arís.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb iad na príomhchonairí bus sa chathair atá sna cinn a aithnítear mar Chonairí Iompair Inbhuanaithe. Chomh maith leis na conairí seo, tá líonra athdheartha níos leithne de sheirbhísí bus beartaithe do Chorcaigh agus beidh méadú ar mhinicíocht na mbusanna chomh maith le seirbhísí nua bus mar thoradh air seo. Cuirfear an líonra bus nua i bhfeidhm le linn na bliana 2024/2025 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána faoi seo ar **busconnects.ie**



## 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe

**An córas iompair phoiblí a fheabhsú** ó thaobh cumais agus acmhainneachta de trí iontaofacht agus poncúlacht na mbusanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na mbusanna thar ghluaiseacht an ghnáth-thráchta;

**An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú** trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;

**Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach** ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;

**Fás dlúth, deiseanna athnuachana agus talamhúsáid níos éifeachtaí i gCorcaigh a éascú,** do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;

**Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha** eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus

**A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair** agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir



## 1.5 Cad a tharla go dtí seo?

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhain na comhairliúcháin seo le moltaí faoi Bhealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) an dá cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh. Fuaireamar thart ar 3,000 aighneacht san iomlán le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin seo. Rinneadh na haighneachtaí seo a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den phróiseas deartha le haghaidh Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) gach conaire. Cuireadh tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le RBT an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i mí an Mhárta 2023 agus lean sé sin ar aghaidh go dtí an 25 Bealtaine 2023. Fuarthas thart ar 4,400 aighneacht mar chuid den dara babhta de chomhairliúchán poiblí.

Rinneadh na haighneachtaí agus an t-aiseolas a athbhreithniú agus anois tá an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl le linn R4 den bhliain 2023. Cuirfidh sé seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann d'aon bhróisiúr déag, agus tá ceann ar leith ann do gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe. Tá cur síos scríofa ar an mBealach Tosaíochta ó thús go deireadh chomh maith le léarscáileanna tacaíochta ar fáil sa doiciméad. Áirítear leis gach leasú a rinneadh, má rinneadh leasú ar bith, ó reáchtáladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Tá amlíne ar fáil ann freisin maidir le dul chun cinn an chláir chomh maith le sonraí faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar na bróisiúir ón gcéad bhabhta agus ón dara babhta de chomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin **www.busconnects.ie** agus is féidir iad a íoslódáil ón suíomh sin chomh maith. Tugtar sainmhínithe sa chéad chuid eile den doiciméad ar an téarmaíocht a úsáidtear ann.



# 1.7 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe (STC):

Tá sé beartaithe aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Chorcaí. Is bóthar atá ann cheana féin é Conair Iompair Inbhuanaithe agus ar a dtugtar tosaíocht do bhusanna ionas gur féidir leo feidhmiú ar bhealach atá éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil lánaí speisialta lánfhada ann le haghaidh busanna amháin ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó go bhfuil bearta eile i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna nuair a bhíonn gnáthbhrú tráchta ann. In áiteanna caolaithe, féadtar socruithe eile a úsáid. Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar má tá sé sin indéanta agus beidh siad taobh le lánaí gnáth-thráchta chomh maith.

## 2. Raonta Rothar Scartha:

Is cuid ar leith den bhóthar é raon rothar scartha agus níl cead é a úsáid ach le haghaidh rothaíochta. Bíonn an spás seo scoite go ginearálta ó thrácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. Má tá sé indéanta raonta rothar scartha a fhorbairt in áiteanna beidh rogha eile ag rothaithe - bóithre ciúine a úsáid nó bóithre íseal-luais a roinnt leis an ngnáth-thrácht.

## 3. Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC):

D'fhoilsigh an ÚNI pleananna tosaigh le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh Bealaí Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) ar na roghanna sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil na mbóithre nuair a bheidh an bonneagar riachtanach do na Conairí Iompair Inbhuanaithe tógtha. Luadh sna pleananna seo tionchair fhéideartha ar ghairdíní tosaigh, agus athruithe dóchúla ar an gcaoi a n-oibreoidh an trácht chun tosaíocht do bhusanna a éascú.

## 4. Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT):

Rinneadh na moltaí faoi Chonairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú tar éis na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na BTTCCanna a mheas. Cuireadh i láthair mar an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) iad i mí an Mhárta 2023 agus reáchtáladh babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leo.

Rinneadh mionchoigeartú agus forbairt dearaidh bhreise ar na moltaí, agus anois tá siad á gcur i láthair mar na leaganacha is deireanaí de na RBTanna agus reáchtálfar an babhta breise seo de chomhairliúchán poiblí maidir leo.

Ní moltaí deiridh iad agus déanfar iad a mheas tuilleadh tar éis aiseolas a fháil ón tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin caithfear iad a scrúdú freisin i gcomhthéacs measúnacht tionchair timpeallachta agus forbairt dearaidh.

## 5. Geata Bus

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascóidh sé tosaíochtaí bus trí thréthrácht ginearálta a bhaint le feadh an bhóthair ar fad, áit a bhfuil an geata bus lonnaithe, agus dá réir sin laghdaítear trácht ar an gcuid ábhartha den bhóthar agus cumasaítear gluaiseacht bhus níos iontaofa`.



Úsáidfear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

## 6. Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta:

Baineann Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta úsáid as soilse tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna thar trácht eile ar lánaí singil de stráicí bóthair, ach níl sé éifeachtach ach le haghaidh achair ghearra. Is iondúil go gcuirtear an socrú seo i bhfeidhm ar stráice bóthair nach féidir lána bus a bheith ann mar gheall ar bhacainní bóthair. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais



1. Gluaiseann an trácht ar aghaidh mar is gnáth.



2. Agus an bus ag druidim leis, athraíonn an comhartha soilse d'fhonn stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. Tabharfar tús áite don bhus le dul ar aghaidh.



4. A luaithe a fhágann an bus an t-acomhal, is féidir leis an trácht ginearálta dul ar aghaidh.

ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir ann nach bhfuil cead iad a leagan chun an bóthar a leathnú a dhóthain le haghaidh spás do lána bus.

Oibríonn sé faoi rialú soilse tráchta (ag acomhail de ghnáth) mar a gcaitheann an lána bus agus an lána gnáth-thráchta teacht le chéile agus an bóthar a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go mbeidh lána bus ann arís níos faide siar an bóthar. Stopfar an gnáth-thrácht ag na soilse tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul ar aghaidh ar an stráice cúng ar dtús. Ansin, nuair a bheidh an bus imithe ar aghaidh, ceadófar don ghnáth-thrácht dul ar aghaidh ag na soilse tráchta.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a dearadh chun cur le cumas coisithe agus rothaithe araon dul trasna an bhóthair trí úsáid a bhaint as soilse tráchta a dearadh go speisialta chuige sin.

## 8. Socrú Sráide Ciúine:

Nuair nach bhfuil bóithre STC leathan a ndóthain in áiteanna chun freastal ar rothaithe gan tionchar suntasach a bheith acu ar thosaíocht do bhusanna, déantar iniúchadh ar bhealaí malartacha rothaíochta le haghaidh achair gearra sula mbuaileann siad leis an mbealach bus STC arís. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an méid íseal de ghnáth-thrácht a bhíonn orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach do rothaithe agus don ghnáth-thrácht araon, gan aon ghá le raonta rothar scartha ná le lánaí péinteáilte rothar a thógáil. Is éard a bheadh i gceist leis an Socrú Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí bóithre ginearálta agus do rothaithe araon.

## 9. Ríocht Uirbeach:

Tagraíonn Ríocht Uirbeach do na spásanna laethúla sráide a mbaineann daoine úsáid astu agus iad á dtrasnú, ag siopadóireacht, ar ócáidí sóisialta, nó ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht, nó taisteal chun na hoibre/nó ón obair. Cuimsíonn an Ríocht Uirbeach gach sráid, cearnóg acomhal, agus bóthar eile lena mbaineann ceart bealaigh, is cuma más úsáid chónaithe, tráchtála nó chathartha a mbaintear astu. Nuair a dhéantar é a dhearadh agus a leagan amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sé go mór le saol laethúil na n-áitritheoirí agus na ndaoine a bhíonn ag taisteal thar bráid. Baineann sé le codanna den timpeallacht thógtha atá amuigh faoin aer de ghnáth, áit a mbíonn rochtain saor in aisce ag an bpobal. Bheadh suíocháin, crainn, plandú, agus gnéithe eile i gceist leis a chuirfeadh go mór le heispéireas na ndaoine ar fad.






# 1.8 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe

- **A** **Dún Citil go dtí an Chathair**
- **B** **Baile na mBocht go dtí an Chathair**
- **C** **An Linn Dubh go dtí an Chathair**
- **D** **Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair**
- **E** **Baile an Chollaigh go dtí an Chathair**
- **F** **Baile an Easpaig go dtí an Chathair**
- **G** **An Tóchar go dtí an Chathair**
- **H** **Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair**
- **I** **Cnoc Maryborough go dtí an Chathair**
- **J** **Machain go dtí an Chathair**
- **K** **Bóthar Chionn tSáile go Dúglas**

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
GLEANN MAGHA
BAILE AN CHOLLAIGH
TEAMHAIR
CLOCH REO
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
FEARANN
BAILE NA MBOCHT
AN LINN DUBH
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC AN CHUILINN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
AN SEANDÚN
LÁR NA CATHRACH
MONTENOTTE
DEARGMHOIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
CARRAIG RUACHÁIN
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
AN SRÁIDBHAILE THIAR
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
BAILE AN LOCHA
WILTON
BAILE AN EASPAIG
DÚGLAS
AN TÓCHAR
ARD AN RÓISTIGH
BAILE AN RÓISTIGH
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRNE
N20
N22
N40
N27
N71
N28
N8
R639
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K

# 2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?

Leanadh ar aghaidh le hobair dheartha shuntasach ón mbabhta deireanach comhairliúcháin. Airítear leis an obair seo na nithe seo leanas:

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Tá dul chun cinn déanta ar dhearaí agus rinneadh mionchoigeartú breise ar ghnéithe de gach conair amhail acomhail, ailíniú, stadanna bus, áiseanna rothaíochta agus siúil, agus gnéithe den ríocht uirbeach. Tá teagmháil á déanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear teagmháil leis na sealbhóirí tí aonair sin a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Bhí agus tá aiseolas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chomh maith le suirbhéanna mionsonraithe breise mar bhonn eolais faoin dearadh a bhfuil forbairt á déanamh air fós.

## 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil

Beidh an ÚNI ag ullmhú na nithe seo a leanas mar chuid den Iarratas beartaithe ar Thoiliú Reachtúil do gach Conair Iompair Inbhuanaithe: Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Chuí (MC), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), agus nuair is gá, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de réir reachtaíocht, treoirlínte agus dea-chleachtas reatha na hÉireann agus na hEorpa. Tá na scagthástálacha agus na measúnuithe seo á ndéanamh ag speisialtóirí timpeallachta a ceapadh le déanaí chun oibriú ar an tionscadal thar ceann an ÚNI. Beidh na doiciméid ón Tuarascáil Measúnaithe Tionchair ar an gComhshaol agus ón MC mar chuid shuntasach den iarratas foirmiúil reachtúil chuig an mBord Pleanála agus beidh siad ar fáil nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird iad, mar chuid den chomhairliúchán poiblí reachtúil.

## 2.3 Suirbhéanna Tráchta

Rinneadh sraith chuimsitheach de shuirbhéanna tráchta ar fud na Cathrach, chun eolas cothrom le dáta faoi líon feithiclí agus eolas eile faoi úsáideoirí bóithre a chur ar fáil. Bainfear úsáid as an eolas seo, in éineacht le foinsí eolais éagsúla eile, chun mionchoigeartú agus calabrú a dhéanamh ar an ionsamhlú ar ríomhaire den tsamhail iompair a forbraíodh do Mhórcheantar Chorcaí.

Bainfidh an fhoireann deartha úsáid as eolas tuartha ón tsamhail iompair chun gnéithe éagsúla de na conairí a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a ndéanfar tuairisciú orthu i ndoiciméid TMTT.

Ullmhófar sraith iomlán de shamhlacha iompair chun tacú leis an TMTT do gach Conair Iompair Inbhuanaithe (mar a thuairiscítear thuas), ach ar dtús rinneadh réamhshamhaltú tráchta chun léargas ardleibhéil a fháil ar na hiarmhairtí tráchta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe. Tugann an tsamhail seo léiriú ar scála na n-athruithe ar an sruth tráchta feadh sráideanna ar fud na cathrach. Déantar cur síos ar fhorbairt agus ar aschuir na samhla seo sa Réamhthuarascáil um Shamhaltú Iompair

a foilsíodh mar chuid den tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar an Réamhthuarascáil um Shamhaltú ar shuíomh gréasáin BusConnects – **www.busconnects.ie** agus is féidir í a íoslódáil ón suíomh sin.

## 2.4 Ríocht Uirbeach

Maidir leis an obair deartha theicniúil a bhain le hailíniú bóithre sna limistéir uirbeacha feadh na gconairí iompair inbhuanaithe, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin a thabhairt chun críche agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le mionchoigeartú a dhéanamh ar na tograí deartha don Ríocht Uirbeach. Tá na dearaí seo á bhforbairt i gcomhairle leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana féin.

Tá deiseanna feabhsúcháin don Ríocht Uirbeach scaipthe amach feadh na gconairí agus braitheann siad ar an suíomh ar leith agus an comhthéacs áitiúil. Agus spásanna uirbeacha á ndearadh againn, úsáidfimid ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin úsáide, mharthanachta agus chothabhála agus go bhfuil siad inbhuanaithe freisin.



## 2.5 Amlíne

### 2022

**RANNPHÁIRTÍOCHT**

**Plé a rinneadh ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn R2/R3**

Plé a rinneadh ar Thograí maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn.

### 2023

**Tuilleadh Plé ar an mBealach Tosaíochta**

Dréacht-Bhealach Tosaíochta a Ullmhú in R1/R2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse 2 mhí de chomhairliúchán poiblí.

- Babhta eile comhairliúchán maidir le Bealach Tosaíochta R4

### 2023-2025

**PRÓISEAS REACHTÚIL**

**Iarratas Reachtúil a Ullmhú**

- Dearadh Innealtóireachta a Fheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a Ullmhú
- Ceanglais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2026

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim Bheartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Pléití an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim Bheartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim Bheartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a chur ar neamhní.

## 2026-2030

### CEANNACH & TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Seans go mbeidh suas le 2 bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar sonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Reáchtálfar an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na moltaí seo, ansin déanfar mionchoigeartú ar an dearadh agus déanfar measúnacht tionchair comhshaoil, agus ina dhiaidh sin uile, déanfaidh an ÚNI iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán ar leith a bhaineann le gné na Conaire Iompair Inbhuanaithe de chlár BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie**. Tá gach bróisiúr a foilsíodh roimhe seo maidir le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) chomh maith leis na bróisiúir ón dara babhta de chomhairliúchán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Is féidir le húsáideoirí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar:**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag lorg aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Tosaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Tá an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach ar fáil ar an suíomh gréasáin.

**Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus tuairimí a thabhairt faoi**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" atá ar fáil ar an leathanach dár suíomh gréasáin a bhaineann le Conairí Iompair Inbhuanaithe:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí an ÚNI, Svuít 427, 1 Cé Uí Argáin**
**Waterfront Square, Corcaigh, T23 PPT8**



## 3.3 Cad a tharlóidh anois?

Nuair a bheidh an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí thart, cuirfidh an ÚNI bailchríoch ar na Roghanna Bealaigh Tosaíochta do gach ceann den aon chonair déag. Déanfar níos mó forbartha ar dhearaí na scéime agus ullmhófar iarratais toilithe reachtaíochta don Bhord Pleanála, lena n-áirítear iompar agus measúnachtaí tionchair comhshaoil.  Ar mhaithe le próiseas toilithe reachtaíochta, féadfar roinnt chonairí a chur isteach in aon iarratas amháin . Nuair a bheidh an obair fhorbartha déanta ullmhófar Tuarascáil Measúnachta Tionchair Comhshaoil do na scéimeanna le chéile mar aon le sonraí faoin talamh ar a bhfuil siad chun seilbh a fháil orthu. Cuirfear na hiarratais seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024/2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Beidh próiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

# 4. Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta

## 4.1 Forléargas

Tosaíonn Conair Iompar Inbhuanaithe (STC) ó Bhaile na mBocht go dtí an Chathair ag Tinker's Cross (crosbhealach an Chuarbhóthair Thuaidh (R635) agus Sheanbhóthar Eochaille. Téann an chonair ar aghaidh ar Sheanbhóthar Eochaille go Crois an Díolúnaigh.  As seo téann an chonaire ar aghaidh ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla (R614) go Crois Lúcáis agus ar aghaidh feadh Chnoc an tSamhraidh Thuaidh i dtreo lár na cathrach.

Tá srian fisiceach ar Sheanbhóthar Eochaille, Bóthar Bhéal Átha hÚlla agus Cnoc an tSamhraidh Thuaidh i roinnt ceantar. Tá sé beartaithe go soláthrófar tosaíocht bus feadh na conaire sin trí bhearta éagsúla amhail srianta ar chasadh, geataí bus agus comharthaí tráchta, mar a leanas.

- Geata bus isteach (stráicí gairide de bhóthar bus/rothair amháin) ar Sheanbhóthar Eochaille ag Tinker's Cross. Tá sé beartaithe go n-oibreoidh an geata bus sin le linn bhuaicuaireanta na maidine amháin.
- Geata bus amach ar Sheanbhóthar Eochaille ag Páirc Í. Tá sé beartaithe go n-oibreoidh an geata bus sin le linn buaicuaireanta an tráthnóna amháin.
- Srian ó dheas 'díreach ar aghaidh' don trácht ginearálta ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla ag Ascaill an Ghleanna. Tá sé beartaithe go n-oibreoidh an srian sin le linn buaicuaireanta na maidine amháin.
- Geata bus amach ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla ag Ascaill an Ghleanna. Tá sé beartaithe go n-oibreoidh an geata bus sin le linn buaicuaireanta an tráthnóna amháin.
- Tá cosc ar chasadh ar chlé ar Chnoc Gordon chun na bearta ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla ag Ascaill an Ghleanna thuas a chomhlánú.
- Tréscaoilteacht scagtha ar York Hill chun cosc a chur ar an tréthrácht, seachas coisithe agus rothair.

Glacann rothaithe bealach eile do bhusanna a thosaíonn ina ionad sin ag crosbhealach an Chuarbhóthair Thuaidh (R635) agus Ascaill Cholm Cille, ag dul ó thuaidh i dtreo Sheanbhóthar Eochaille trí ghréasán sráideanna ciúine ina roinneann úsáideoirí rothar an carrbhealach leis an trácht áitiúil. As seo, déantar na saoráidí do choisithe, rothaithe agus busanna a chumasc agus taistealaíonn siad siar feadh Sheanbhóthar Eochaille chomh fada le Plasóg Murmont. As seo tá bealach sráide ciúine beartaithe trí Lána Leycester agus Bóthar Ghleann Maghair Láir sula leanann rothaithe ar aghaidh go dtí an chathair trí Bhóthar Wellington, York Hill agus Cnoc an tSamhraidh Thuaidh.

Déanfar cur síos níos mionsonraithe ar gach stráice de STC B sna hailt seo a leanas agus leagtar amach na bearta atá beartaithe ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt d'iompar inbhuanaithe.

## 4.2 Tinker's Cross go Crois an Díolúnaigh

Leis na geataí bus atá beartaithe agus bearta bainistíochta tráchta eile atá liostaithe i gcuid 4.1 laghdófar méideanna an tréthráchta ar Sheanbhóthar Eochaille, agus mar sin, beidh busanna ábalta bogadh go héasca idir Tinker's Cross agus Crois an Díolúnaigh.

Le linn uaireanta oibriúcháin na ngeataí bus beidh Seanbhóthar Eochaille ar oscailt an t-am ar fad do rochtain tráchta áitiúil, do bhusanna, do thacsaithe agus do rothaithe, agus éascófar tréthrácht ar:

- An Cuarbhóthar Thuaidh go dtí an N20;
- An Cuarbhóthar Thuaidh go Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach (N8), trí Silversprings.

Lasmuigh de na huaireanta sin beidh cead ag an trácht gluaiseacht go héasca feadh Sheanbhóthar Eochaille.

Moltar raon rothar dhá threo feadh Ascaill Cholm Cille idir an Cuarbhóthar Thuaidh agus Bóthar Ghleann Maghair Láir. Áireofar leis sin saoráidí trasrianta rothaíochta nua ag acomhal Ascaill Cholm Cille agus an Chuarbhóthair Thuaidh chun nascadh go sábháilte le ceantar Luaitigh Bhig na cathrach (in aice le Stáisiún Garda Bhaile na mBocht). Nascfaidh gréasán sráideanna ciúine lena n-áirítear Bóthar Ghort an Tobair, Bóthar Chiarraí, Slí Ghartáin, Páirc Bhaile na mBocht agus Corrán Murmont úsáideoirí rothar le Seanbhóthar Eochaille.

Moltar raonta rothar tiomnaithe ar an dá thaobh den bhóthar feadh Sheanbhóthar Eochaille idir Páirc Í agus Plásóg Murmont. As seo beidh rothaithe ábalta úsáid a bhaint as Plásóg Murmont / Céide San Críostóir mar shráid chiúin, ina roinneann rothaithe an lána tráchta leis an trácht ginearálta atá measartha íseal ó thaobh méid de.

Tá na socruithe a mholtar mar gheall ar leithead srianta an bhóthair feadh stráicí de Sheanbhóthar Eochaille agus de Bhóthar Bhéal Átha hÚlla. Níl go leor spáis ar an mbóthar atá ann cheana chun lána bus, lána rothar agus lána tráchta ghinearálta sa dá threo a éascú.

Chun na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin a éascú, is gá líon teoranta spásanna páirceála ar an tsráid a thógáil in áiteanna. Tá sé beartaithe freisin go mbeadh tógáil talún ag teastáil sna suíomhanna seo a leanas:

- Tailte réadmhaoine príobháideacha idir Páirc Í agus Cúirt an Ridire.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

## Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Seanbhóthar Eochaille | Stadanna bus a fheabhsú agus áiteanna do thrasrianta túcánacha nua chun rochtain éasca ar stadanna bus agus bealaí feabhsaithe go ginearálta do choisithe a éascú.<br>Le timpeallacht maolaithe tráchta cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe.<br>Trasrianta coisithe nua a chur ar fáil in aice le Coimpléasc Spóirt Pháirc na mBocht.<br>D'fhéadfaí páirc bheag uirbeach a sholáthar in aice le Leabharlann Bhrainse Pháirc na mBocht le breithniú. |
| Seanbhóthar Eochaille (ó Phlasóg Murmont) | Lánaí rothar scartha leanúnacha ar an dá thaobh den bhóthar.<br>Rotharbhealach sráide ciúine ón gCuarbhóthar Thuaidh go Seanbhóthar Eochaille.<br>Saoráidí trasrianta rothaíochta nua ag acomhal Ascaill Cholm Cille agus an Chuarbhóthair Thuaidh chun nascadh go sábháilte le ceantar Luaitigh Bhig na cathrach.<br>Rialú comharthaíochta a chur le hacomhal Phlásóg Murmont chun gluaiseachtaí rothar a chosaint |
| Crois an Díolúnaigh | Oibreacha Ríochta Poiblí lena n-áirítear spásanna sráide feabhsaithe agus treisithe, cosáin níos leithne agus tírdhreachtú. |

## 4.3 Crois an Díolúnaigh go Crois Lúcáis

Leis na geataí bus atá beartaithe agus bearta bainistíochta tráchta eile atá liostaithe i gcuid 4.1 laghdófar méideanna an tréthráchta ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla, agus mar sin, beidh busanna ábalta bogadh go héasca feadh na sráide sin. Le linn na n-uaireanta a mbeidh na srianta tráchta ar Bhóthar Bhaile Átha hÚlla ag Ascaill an Ghleanna i bhfeidhm, beidh rochtain fós ag an trácht áitiúil chuig an gCuarbhóthar Thuaidh agus uaidh trí Ascaill an Ghleanna. Lasmuigh de na huaireanta sin beidh cead ag an trácht gluaiseacht go héasca feadh Bhóthar Bhéal Átha hÚlla agus Chnoc an tSamhraidh Thuaidh. Mar gheall ar an leithead srianta bóthair ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla atá ann faoi láthair, (idir Crois an Díolúnaigh agus Crois Lúcáis), éascófar rothaithe feadh Phlásóg Murmont, Chéide San Críostóir, Lána Leycester agus Bhóthar Ghleann Maghair Láir. Tá an bealach sin beartaithe mar shráid chiúin, ina roinneann rothaithe an lána tráchta leis an trácht ginearálta atá measartha íseal ó thaobh méid de.

Chun na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin a éascú, is gá líon teoranta spásanna páirceála ar an tsráid a thógáil in áiteanna chun trasrianta coisithe a éascú.

Tá sé beartaithe freisin go mbeadh tógáil talún ag teastáil sna suíomhanna seo a leanas:

- Tailte réadmhaoine príobháideacha ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla in aice le Crois an Díolúnaigh;
- Talamh réadmhaoine príobháideacha in aice le Crois an Díolúnaigh.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

### Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Plásóg Murmont / Céide San Críostóir / Lána Leycester / Bóthar Ghleann Maghair Láir / | Le sráid chiúin cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe. |
| Crois Lúcáis | Acomhal le comharthaí a dhéanamh de chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. Trasrianta comharthaíochta do choisithe a chur ar fáil ar gach cuid den acomhal, agus iad in ionad na dtrasrianta coisithe atá ar Bhóthar Bhéal Átha hÚlla agus Bóthar Ghleann Maghair Láir. Sliosslána le haghaidh casadh ar chlé ó Bóthar Ghleann Maghair Láir go Cnoc an tSamhraidh Thuaidh a bhaint chun trasnú éasca do choisithe a éascú.<br>Oibreacha Ríochta Poiblí lena n-áirítear spásanna sráide feabhsaithe agus treisithe agus tírdhreachtú. |
| Bóthar Bhéal Átha hÚlla | Trasrian coisithe nua amháin a mbeidh soilse tráchta air chun rochtain éasca ar stadanna bus agus bealaí feabhsaithe go ginearálta do choisithe a éascú. |

## 4.4 Crois Lúcáis go dtí an Chathair

Leis na geataí bus atá beartaithe agus bearta bainistíochta tráchta eile atá liostaithe i gcuid 4.1 laghdófar méideanna an tréthráchta ar Chnoc an tSamhraidh Thuaidh, agus mar sin, beidh busanna ábalta bogadh go héasca idir feadh na sráide sin. Le linn na n-uaireanta a mbeidh na srianta tráchta ar Bhóthar Bhaile Átha hÚlla ag Ascaill an Ghleanna i bhfeidhm, beidh rochtain fós ag an trácht áitiúil chuig an gCuarbhóthar Thuaidh agus uaidh trí Ascaill an Ghleanna. Lasmuigh de na huaireanta sin beidh cead ag an trácht gluaiseacht go héasca feadh Bhóthar Bhéal Átha hÚlla agus Chnoc an tSamhraidh Thuaidh.

Tá sé beartaithe socrú sráide ciúine a chur i bhfeidhm ar feadh Bhóthar Wellington ó Chrois Lúcáis go York Hill, agus tréscaoilteacht scagtha a chur i bhfeidhm ar York Hill, rud a sholáthróidh timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe. Moltar stráice gairid de raon rothar dhá threo feadh Chnoc an tSamhraidh Thuaidh ó York Hill go Sráid Mhic Curtáin chun rothaithe a nascadh leis na saoráidí rothaíochta i lár na cathrach.

Nascfar an STC leis na hoibreacha atá á ndéanamh faoi láthair mar chuid de Scéim Feabhsúcháin ar Iompar Poiblí Shráid Mhic Curtáin.

### Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Ascaill Uí Mhathúna/Cnoc an tSamhraidh Thuaidh | Cosán a fheabhsú/a leathnú agus trasrian coisithe nua curtha ar fáil. |
| Bóthar Wellington | Le sráid chiúin cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe.<br>Dhá thrasrian nua chun tréscaoilteacht fheabhsaithe do choisithe a éascú. |
| Bóthar Wellington/An Cnoc Míleata | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| Bóthar Wellington/York Hill | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe.<br>Cuireadh tréscaoilteacht scagtha chun feidhme ar York Hill chun cosc a chur ar an tréthrácht, seachas coisithe agus rothair. |
| Cnoc an tSamhraidh Thuaidh | Dhá thrasrian coisithe nua a mbeidh soilse tráchta orthu chun go mbeidh rochtain éasca ar stadanna bus agus chun saol na gcoisithe i gcoitinne a fheabhsú. |

## 4.5 Foilsíodh Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe i mí an Mhárta 2023

- Tógadh na raonta rothar molta ar Ascaill Cholm Cille agus cuireadh rotharbhealach ciúin ina n-áit ar na sráideanna in aice láimhe
- Cuireadh rialú comharthaíochta le hacomhal Phlásóg Murmont chun gluaiseachtaí rothar a chosaint
- Tógadh an cosc beartaithe ar chasadh ar dheis ar Bhóthar Ghleann Maghair Láir ag Crois Lúcáis

## 4.6 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Neas-líon na réadmhaoine a bhféadfadh dul i gcion orthu: | **7** |
| Neas-líon na spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint: 16 | **16** |
| Neas-líon na gcrann cois bóthair a d'fhéadfaí a bhaint: | **0** |
| Neasachar bealaigh: | **3.5km** |
| Neasachar rotharbhealaigh:<br>Isteach 3.5km (Rian Rothar Scartha 1.7km + 1.8 km Sráid chiúin)<br>Amach 3.5km (Rian Rothar Scartha 1.7km + 1.8 km Sráid chiúin) | **7.0km**<br>**3.5km**<br>**3.5km** |

# 5. Aguisíní


5.1 Léarscáileanna Innéacs
5.2 Léarscáileanna Bealaigh









TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
HARDWICK STREET
SAINT PATRICK'S PLACE
SIDNEY PARK
Scoil Mhuire Junior School
Scoil Mhuire Secondary School
WELLINGTON ROAD
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
PEDESTRIAN CROSSING
RAISED TABLE
EXISTING STRAIGHT AHEAD BAN RETAINED
YORK STREET
Verdi House
Church
COBURG STREET
MACCURTAIN STREET
SUMMERHILL NORTH
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
Scheme ties into MacCurtain Street Project
BRIAN BORU STREET
STC-A
HARLEY'S STREET
BRIDGE STREET
SAINT PATRICK'S HILL
Car Park
SAINT PATRICK'S BRIDGE
Saint Patrick's Bridge
Mary Elmes Bridge
Credit Union
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
6.0m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
6.0m FOOTPATH




**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)




LEGEND:
- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)




CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SUNMOUNT
MILITARY HILL
MILITARY ROAD
Holy Family Catholic Church
Hotel
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING PEDESTRIAN CROSSING MOVED CLOSER TO JUNCTION
RAISED TABLE
ALEXANDRA ROAD
BALLYHOOLY ROAD
GARDINER'S HILL
BUS STOP RELOCATED
MIDDLE GLANMIRE ROAD
ST LUKE'S AVE
MAHONY'S AVENUE
RAISED TABLE
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
LOADING
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING SHARED TRAFFIC LANE
EXISTING SHARED TRAFFIC LANE
EXISTING ON-STREET PARKING
EXISTING FOOTPATH





The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
OLD YOUGHAL ROAD
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
PEDESTRIAN CROSSING
BALLYHOOLY ROAD
OLD YOUGHAL ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING PARKING BAYS TO BE REMOVED TO ACCOMMODATE BUS MOVEMENTS
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
BALLYHOOLY ROAD
HARRINGTON'S ROW
EXISTING PARKING BAYS TO BE REMOVED TO ACCOMMODATE PEDESTRIAN CROSSING
FRANKFIELD VIEW
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING FOOTPATH
EXISTING SHARED TRAFFIC LANE
EXISTING SHARED TRAFFIC LANE
EXISTING ON-STREET PARKING
EXISTING FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH
PROPOSED BUS GATE OPERATIONAL DURING PEAK PERIODS ONLY, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
GLEN AVENUE
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
Tie into Existing
PROPOSED SCHEME
FORMALISED PARKING ARRANGEMENT
PROPOSED STRAIGHT AHEAD BAN FOR INBOUND TRAFFIC ALONG BALLYHOOLY ROAD DURING PEAK PERIODS ONLY
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
BALLYHOOLY ROAD
OLD YOUGHAL ROAD
EXISTING PARKING BAY TO BE REMOVED
EXISTING PARKING TO BE RETAINED
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW ROAD
KELLEHER'S BUILDIN
EXISTING PARKING BAYS TO BE REMOVED
EXISTING PRIVATE PARKING TO BE RETAINED
PROPOSED LEFT TURN BAN ONTO GORDON'S HILL FROM OLD YOUGHAL ROAD
EXISTING BUS STOP TO BE RETAINED
GARDINER'S HILL
GORDON'S HILL
BALLYVOLANE NEW ROAD
PROPOSED LEFT TURN BAN ONTO GORDON'S HILL FROM BALLYHOOLY ROAD
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
PROPOSED LEFT TURN BAN ONTO GORDON'S HILL FROM BALLYHOOLY ROAD
GORDON'S HILL
CAHERGAL LAWN
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PROPOSED LEFT TURN BAN ONTO GORDON'S HILL FROM OLD YOUGHAL ROAD
OLD YOUGHAL ROAD
EXISTING BUS LANE REMOVED WITH BUS PRIORITY PROVIDED BY BUS GATE FURTHER EAST
EXISTING BUS STOP TO BE RETAINED
EXISTING PARKING BAYS TO BE REMOVED
QUIET STREET CYCLE ROUTE TO CONTINUE ON MURMONT LAWN
MURMONT LAWN
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
2.1m ON-STREET PARKING
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Recreational Complex
Mayfield Community School
Recreational Complex
MOUNT BROSNA
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
PEDESTRIAN CROSSING
OLD YOUGHAL ROAD
STOP
EXISTING FOOTPATH TO BE WIDENED BETWEEN OLD YOUGHAL ROAD AND MURMONT CRES
NEW BUS STOP LOCATION
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
MURMONT PARK
MURMONT CRESCENT
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
1.75m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PARKING RETAINED
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
AVONMORE PARK
GLENAMOY LAWN
NEW BUS STOP LOCATION
OLD YOUGHAL ROAD
SPRING VALE
KNIGHTS COURT
IONA PARK
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
MURMONT CRESCENT
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


TYPICAL CROSS SECTION
1.75m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
AVONMORE PARK
OLD YOUGHAL ROAD
GLENAMOY LAWN
SPRING VALE
IONA PARK
RESCENT
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NEW BUS STOP LOCATION
PEDESTRIAN CROSSING
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TYPICAL CROSS SECTION
1.75m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
1.75m FOOTPATH
GLENAMOY LAWN
ARD BHAILE
OLD YOUGHAL ROAD
KERRY ROAD
SHAMROCK GROVE
NORTH RING ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
Tie into Existing
PROPOSED SCHEME
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
GARDINER'S HILL
BALLYHOOLY ROAD
BUS STOP RELOCATED
MIDDLE GLANMIRE ROAD
RAISED TABLE
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
SMITHGROVE TERRACE
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
ARDNALEE
MIDDLE GLANMIRE ROAD
MAHONY'S AVENUE
EXISTING RIGHT TURN BAN FROM MAHONY'S AVENUE RETAINED
ST LUKE'S AVE
PEDESTRIAN CROSSING
CLARENCE TCE
MAHONY'S AVENUE
Arbutus
Arbutus
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.8m GENERAL TRAFFIC LANE
2.8m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH

## LÉARSCÁIL 13: Rogha Bhealigh Roghnaithe




CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
MERRION COURT
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
MERRION COURT
SAINT ANNE'S DRIVE
SAINT JOSEPH'S DRIVE
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
MONTENOTTE GROVE
SAINT CHRISTOPHER'S DRIVE
SAINT CHRISTOPHER'S DRIVE
SAINT CHRISTOPHER'S ROAD
MURMONT AVENUE
CLIFTON DOWNS
CLIFTON ROAD
SAINT CHRISTOPHER'S AVENUE
CLIFTON AVENUE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOTPATH
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
PARKING RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
OLD YOUGHAL ROAD
IONA PARK
KNIGHTS COURT
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
MURMONT CRESCENT
EXISTING TREES TO BE RETAINED
SLI GARTAN
COLMCILLE AVENUE
COLMCILLE AVENUE
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SLÍ GARTAN
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
IONA ROAD
COLMCILLE AVENUE
NEW BUS STOP LOCATION
IONA GREEN
INIS EOGHIN
KERRY ROAD
EXISTING BUS STOP MOVED SLIGHTLY EAST
NEW BUS STOP LOCATION
MIDDLE GLANMIRE ROAD
Springfield Mews
N
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
INIS EOGHIN
KERRY ROAD
SPRINGFIELD ROAD
COURTLANDS
NORTH RING ROAD
SILVERHEIGHTS DRIVE
COLMCILLE AVENUE
MIDDLE GLANMIRE ROAD
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
EXISTING BUS STOP MOVED SLIGHTLY EAST
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING MOVED TO ALIGN WITH CYCLE MOVEMENTS ON SPRINGFIELD RD TO MIDDLE GLANMIRE RD
CYCLE ROUTE TO TIE INTO FUTURE CORK CITY CYCLE NETWORK
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
KERRY ROAD
BYEFIELD PARK
SPRINGFIELD ROAD
NORTH RING ROAD
BOHERBOY ROAD
LOTABEG TERRACE
QUIET STREET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
Springfield Mews
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath,
D02 WT20

Oifig Chorcaí an ÚNI,
Svuít 427
1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce,
Corcaigh
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040